Níl ábhar dóchais nó sástachta ins na figiúirí

Meastachán na Gaeltachta pléite sa Dáil

Achaine Aontachta agus Comhoibrithe Ó Fachtna

Rinne Pádraig Ó Fachtna, T.D., Rúnaí Pairliminte don Ghaeltacht, achaine ar leith, do lucht athbheochána, aontú le chéile, agus dearmad do dhéanamh de mhion-difríochta a bhí eatarta, agus treabhadh le chéile chun gluaiseacht na h-athbheochana do chur chun cinn.

Ag labhairt ar meastachán Roinn na Gaeltachta a bhí sé, ach ba beag ábhar dóchais ná spreagadh a bhí ins na figiúirí san mheastachán féin ach, ar ndóighe, níorbh é an Rúnaí Pairliminte a bhí freagarthach as.

Dúirt sé go raibh ardú 50 p.c. ann ó anuraidh, ach ansin ós a choinne seo, tá roinnt maith seirbhísí a bhíodh faoi an Roinn Oideachais, tógtha isteach ann, agus an Roinn seo ag freastal ar chúrsaí athbheochána chomh maith le cúrsaí Gaeltachta, feasta.

Rud speisiúl amháin faoi, go raibh i bhfad níos mó suime ag gnáth teachtaí Dála ann agus i bhfad níos mó acu ag labhairt faoi ná mar a bhí anuraidh, mar shompla.

Agus tromlach na dTeachtaí a labhair, do bhíodar ar thaobh athbheochaint na Gaeilge, agus ag iarraidh an Rialtas a ghríosadh chun níos mó do dhéanamh i leith sábháil na Gaeltachta. Ba léir go raibh tuiscint níos fearr ag na Teachtaí faoi an bun-fhadhb do oibreachas don Ghaeltacht ná mar a bhíodh ag Teachtaí roimhe seo.

Is maith a thuigeann an Rúnaí Pairliminte é féin é seo, mar bhíodh sé ar dhuine de na daoine ab' fhearr a labharfadh ar an díospóireacht seo cheana. Agus ina chuid cainte, dúirt sé gur mheas sé, go bhféadfadh Gaeltarra Éireann, i bhfad níos mó a dhéanamh san aimsir romhainn, le obair a thabhairt do cainteoirí dúchais insan Ghaeltacht. Tá bille le teacht os comhair na Dála gan mhoill, le leathnú a dhéanamh ar chumhachtaí an Bhoird — rud a bhí molta againne sa pháipéar seo le fada an lá.

Ach, do h-ath-cheapadh an cúigear baill a bhí ann ón tús, tá bliain ó shin, agus is deacair a fheiceáil conus mar a beidh mórán muiníne ag pobal na Gaeltachta asta, i bhfianaise an méid atá déanta, agus fágtha gan déanamh, le cúig bliana anuas.

Ar dhuine a labhair go bunúsach faoi an scéal, bhí an Teachta nua ó Ghaillimh—R. Ó Maolóia, a rinne a chéad óráid sa Dáil, faoi an nGaeltacht, agus adúirt gur cheart i bhfad níos mó airgid a chaitheamh sa nGaeltacht, le tionscal a bhunú ansin.

I nGaeilge a labhair an Rúnaí Pairliminte, agus i nGaeilge a labhair furmhór na dTeachtaí. Agus rinne an Rúnaí Pairliminte athrú ar an nós a bhíodh ann nuair a thug sé freagra ar an díospóireacht as Gaeilge amháin.

Seo roinnt de na pointí a rinn na Teachtaí, agus bhéarfaidh muid innsint níos iomláine ar a gcuid cainte an tseachtain seo chugainn;

Dúirt Pádraic Ó Domhnaill, T.D. (Dún na nGall Thiar, agus cainteoir Fhine Gael ar son na Gaeltachta) nach raibh duine ar bith a bhí níos fearr in inimhe labhairt agus féachaint fá'n Ghaeltacht, ná an tUasal Ó Fachtna, agus bhí súil aige go dtabharfaí áird ar an achaine a rinne sé fá choinne comhoibriú. Mheas sé nár leor páistí a chur na Gaeltachta ar feadh dhá mhí. ach mheas sé gur cheart iad a chur ar feadh na bliana ar fad. Bhí na hallaí damhsa, adúirt sé, ag milleadh na Gaeltachta, agus ba mhaith leis-san an t-airgead a fheiceáil dhá chaitheamh ar Amharclanna ina mbeadh an Ghaeilge mar meán.

Ag labhairt i nGaeilge dó, dúirt Seán Mac Eochagáin (F.F.) go raibh Gaeilge chomh láidir agus a bhí ariamh insan Ghaeltacht, agus go raibh an rialtas ag déanamh a ndícheall le feiscint go bhfanfadh sí amlaidh. Ba chóir scéim na dtithe gloine trátaí a leathnú insan nGaeltacht, nó thug sé teacht-isteach maith do daoine ansin.

Dúirt Seán Ó Ceallaigh (F.F.). nach sábhaileófaí an Ghaeltacht, go ndéanfaí iarracht mhór le gléas beatha a thabhairt do phobal na Gaeltachta ansin. Ba chóir monarchain a bhunú ann. Bhí scoláireachtaí agus mionscéimeanna eile ceart go leor, ach ní shábhlódh siad an Ghaeltacht.

D'fhiafraigh Fiontan Ó Cuagáin, T.D. (F.G.) céard a bhí déanta ag Roinn na Gaeltachta ins na deich mbliana ó bunaíodh í le cosc a chur leis an imirce agus obair a chur ar fáil sa Ghaeltacht. Bhí aithne aige, adúirt sé, ar cainteoirí dúchais ar diúltaíodh iad do na gárdaí ceann 's nach raibh go leor Béarla acu.

Dúirt Micheál Ó Laoire (Oibrithe) gurbh é tragóid mhór na 40 bliana Rialtas dúchais go bhfaca siad imeacht na teangan Gaeilge. Bhí Gaeilge anois mar cineál do canúint ar leith ag roinnt stát-seirbhíseach i mBaile Átha Cliath. Chuir Fianna Fáil insan Pháipéar Bán, slán le cibé cur in iúl a bhí acu ar an teanga a shábháil. Theip orthu úsáid a bhaint as Gaeilge mar ceann de na tarraingtí turasóireachta agus ní thiocfadh leis-san a thuiscint chor ar bith. cé'n fáth nár ghlac cathair na Gaillimhe leis an seans a bheith, agus í féin a choinneáil mar an t-aon chathair amháin Gaeilge fágtha sa tír.

Dúirt Riobárd Ó Maolòi, a má bhí siad i ndáiríribh ina n-iarrachtaí leis an teanga do chaomhnú, go gcaithfí Saothrú Seasta a sholáthar insan Ghaeltacht. Níor dhein Gaeltarra Éireann ach obair a chur ar fáil do mhná go speisialta, agus Saothrú Seasta do fhir, agus ógánaí, a bhí ag teastáil.

Ag freagairt na díospóireacht dó, dúirt Pádraig Ó Fachtna, gur nós é, freagairt i nGaeilge agus i mBéarla, ach, ba eol dó gur daoine óga ba mhó a labhair insan díospóireacht, agus go raibh Gaeilge acu uilig, agus bhí sé ag freagairt as Gaeilge amháin.

Dúirt sé gurb é an cineál céanna meath a bhí san Ghaeltacht agus a bhí ins na ceantair tuaithe go h-áithrid san Iarthar. Ba é an príomh ghnó ná obair a sholáthar do phobal na Gaeltachta sa dóighe nach mbeadh orthu imeacht. Ba é sin a aidhm. Agus ba é sin an fáth go raibh siad ag iarraidh breis cumhachtaí do Ghaeltarra Éireann. Ba mhaith leis páistí a fheiceáil dhá gcur na Gaeltachta ar feadh na bliana, ach fuair siad amach go raibh deacracht cuid acu a chur fiú amháin ar feadh téarma trí-mhí, ar an ábhar nár mhaith leis na tuismitheoirí briseadh ar oideachas na bpáistí.

Níor mheas sé go raibh deacracht speisialta ar bith ag páistí na Gaeltachta le Béarla. Bhí Béarla dhá theagasc sa Ghaeltacht, díreach mar bhí Gaeilge san Ghalltacht.

Má' Cuilinn

Beidh an scrúdú ar siúl i meán-scoil Naomh Pól, Clochar na Trócaire, Uachtar Ard, meán-scoil do bhuachaillí agus do chailíní, do dhaltaí a beidh ag dul isteach insan mheán-scoil an bhliain seo chugainn. Beidh an scrúdú ar siúl ar an Satharn, an 29ú lá de Bhealtaine, agus beidh scoláireachtaí le fáil de bharr torthaí an scrúdúcháin.

Tá craobh de Bhantracht na Tuaithe bunaithe i mBaile Cruaidhe le coicís anuas, nuair a tosaigh na h-oifigigh seo: Uachtarán, Bean P. S. Barron; leas-uachtarán, M. S. N: Corragáin, O.S.; rúnaí, M. Ní Chatháin, O.S.; cisteoir, C. Ní Chaimbéal. Beidh an cruinniú míosúil ar an ceathrú Luan de gach mí, i dteach na Cúirte.

Óráid Rúnaí Pairliminte na Gaeltachta

Is ábhar mór misnigh dúinn uile go bhfuil méadú suas le 50 p.c. ar mheastachán Roinn na Gaeltachta i mbliana agus go bhfuil fás agus forbairt le feiceáil i ngach gné d'obair na Roinne; ⁊ ní miste a rá gur caitheadh a raibh d'airgead ar fáil anuraidh don obair sin. Is léir anois go mbeidh cúnamh nach beag ar fáil ón Roinn feasta ar mhaithe leis an nGaeltacht agus leis an nGaeilge. Ionas go mbeidh raon na hoibre níos soiléire tá leagan amach nua ar chuid den mheastachán agus tá súil agam go dtaitneoidh sé le Teachtaí.

Beartas Ginearálta

Is cúis sásaimh dom, agus mé ag dul i mbun oibre, go bhfuil beartas ginearálta an Rialtais i leith athbheochán na Gaeilge leagtha amach sa Pháipéar Bán a foilsíodh i mí Eanair seo caite. Is í an aidhm náisiúnta an Ghaeilge a thabhairt arais mar ghnáth - mheán cumarsáide agus, chun an aidhm sin a thabhairt i gcrích, tá sé de chúram ar gach Aire plean praiticiúil gníomhaíochta a cheapadh do gach gné den saothar a bhaineann lena Roinn féin. Tá plean Aire na Gaeltachta don bhliain reatha le tuiscint ón meastachán atá os comhair na Dála anois.

Riachtanach

Tá sé thar a bheith riachtanach go gcaomhnófaí agus go neartófaí an Ghaeltacht d'fhonn an teanga Ghaeilge a shlánú. Dá bhrí sin is é an príomh-dhualgas atá ar Roinn na Gaeltachta ná leas cultúrach, sóisialach agus geilleagrach na Gaeltachta a chur chun cinn. Faoi mar atá ráite sa Pháipéar Bán, tá beartas an Rialtais dírithe ar ghníomhaíochtaí oiriúnacha eacnamaíochta a spreagadh agus a fhairsingiú agus cúrsaí sóisialacha a fheabhsú ionas go mbeidh deisean na leormhaithe ag na daoine a chónaíonn sa Ghaeltacht agus arb í an Ghaeilge a ngnáthurlabhra, chun fostaíocht shocrach a fháil agus caighdeán réasúnta maireachtála a bheith acu.

Fostaíocht

Tá Gaeltarra Éireann againn mar Bhord reachtúil ag a bhfuil bréidín lámhfhite, earraí cniotáilte, bróidnéireacht agus bréagáin á dtáirgeadh sa Ghaeltacht. Tá Tá an Rialtas taréis a chinneadh go gcaithfidh an Bord seo bheith ina phríomhghléas chun tionscail a fhorbairt i ngach limistéar Gaeltachta; agus spreagfar é chun feidhm dhearbhfóinteach a dhéanamh le tacaíocht chaipitil ón Rialtas. Tá deontas-i-gcabhair de £120,000 le haghaidh caiteachas reatha Ghaeltarra Éireann i meastachán na Roinne i mbliana agus is ionann sin is a rá go bhfuil méadú glan de bhreis agus 50 p.c. ann toisc go raibh timpeall £22,000 le n-aisíoc anuraidh nuair a bhí deontas de £100,000 ar fáil don Bhord. Ina theannta sin beidh £100,000 le fáil as an Státchiste le haghaidh caiteachas caipitil agus ní bheidh ar an mBord aon chuid de a aisíoc go dtí go mbeidh brabús ar a ghníomhaíochtaí. Chun éifeacht a thabhairt do na faoisimh i leith aisíochaíochtaí caipitil atá luaite agam, agus chun cumhachtaí Ghaeltarra Éireann a leathnú, tabharfar Bille os comhair na Dála go luath; beidh caoi eile againn ansin cúrsaí an Bhoird seo a phlé arís. Ar an ábhar sin ní dóigh liom gur gá a thuilleadh a rá anois ach amháin go mbeidh deis i bhfad níos fearr ag Gaeltarra Éireann feasta fostaíocht a chur ar fáil do Ghaeilgeoirí sa Ghaeltacht.

Scéimeanna

Tá a lán scéimeanna éag[...] á riaradh ag Roinn na Gaelt[...] ar mhaithe leis an nGaeltacht [...] leis an nGaeilge. Ar na p[...]-fhigiúirí i meastachán na R[...] i mbliana tá—

£215,000 (méadú de £29[...] do dheontais faoi Achtanna [...] dTithe (Gaeltacht) — agus [...] méadaithe faoi Acht a ritheadh [...] na Nollag seo caite—chun t[...] tógáil agus a fheabhsú do [...] tír na Gaeltachta, chun breis [...]ríochta a sholáthar do chuairte[...] dteaghlaigh sa Ghaeltacht agus [...] seallaí saoire agus brúan[...] tógáil;

£270,000 (méadú [...] £153,000) do scéimeanna [...] súcháin sa Ghaeltacht — bó[...] scéimeanna poiblí uisce [...] séarachais, muir-oibreacha, sc[...]eanna talmhaíochta, meáns[...]eanna, coláistí Gaeilge, h[...] ⁊rl.;

£217,000 (méadú [...] £80,903) do scéimeanna cu[...]tha agus sóisialacha ar a bhfu[...] deontais i leith daltaí áirith[...] í an Ghaeilge gnáth-teanga [...] teaghlaigh acu — deontais [...] méadaithe ó £5 go £10 an[...] cóir iompair do dhaltaí n[...] scoile agus céardscoile [...] Ghaeltacht, scoláireachtaí chu[...] Gaeltachta, ⁊rl.: dála an [...] tá scéim na scoláireachtaí [...] dul ar aghaidh go han-mhaith [...] chaith suas le 7,000 dalta tré[...] saoire sa Ghaeltacht anuraidh [...] cabhair deontais £5 an duin[...] Roinn; chun dalta a chur go [...] Ghaeltacht ar feadh téarma s[...] beidh deontas na Roinne — [...] anois — a bhíodh ar fáil trí [...] linn amháin—le fáil feasta [...] aon choiste aitheanta eile [...] maith.

Rudaí Nua

Sa mheastachán don chéad [...] tá soláthar do scéimeanna [...] agus scéimeanna trialeacha [...] d'oirfeadh go speisialta [...] Ghaeltacht agus chun deonta[...] thabhairt do chomharchumainn [...]ithe sa Ghaeltacht le haghaidh f[...]neamh agus gléasra.

Coistí

Ní miste a lua go bhfuil c[...] d'oifigigh áitiúla — ar a n[...] Stiúrthóir Roinn na Gaelt[...] ina chathaoirleach — le bun[...] ngach contae Gaeltachta agus [...] gcuirfear de chúram speis[...] ar an gcoiste forbairt eacn[...]íoch na gceantar Gaeltachta [...] ar aghaidh. Béimid ag súil [...] moltaí fiúntacha ó na coistí [...] chun fadhbanna áitiúla a ré[...] agus tá dóchas againn go [...]faidh tairbhe nach beag as a [...] oibre. Chuige sin ba mhór ab[...] é dá mbeadh coiste eile [...] mbeadh ionadaithe ó dhream[...] deonacha i ngach ceantar [...]tachta ionas go bhféadfadh an[...] choiste riachtanais an cheant[...] phlé i gcomhar lena chéile.

Méadú Cabhrach

Os rud é go bhfuil Te[...] anseo atá ina gComhairl[...] Contae do cheantair Ghaelt[...] ba mhaith liom a mheabhrú dóib[...] bhfuil méadú mór ar an gc[...] atá le fáil ón Stát do sc[...]eanna poiblí uisce agus sé[...]ais sa Ghaeltacht; aon scéim [...] sin a thosnófar feasta ní [...] ar an údarás áitiúil ach 15 [...] den chostas a chur ar fáil ina[...] —in ionad 30 p.c. i leith scéi[...] tosaíodh roimh tús na bliana [...]geadais seo. Táthar ag brath [...] na Comhairlí Contae chun ta[...] faoi na scéimeanna seo [...] ó tá deontas 85 p.c. ón Stá[...] a bheith fial, tá súil agam [...]

(Ar lean. ar leath. 6)